2025/1180

12.6.2025

CINNEADH (AE) 2025/1180 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 11 Meitheamh 2025

lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 7 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis bhás Marko ILEŠIČ, ba cheart breitheamh a cheapadh don Chúirt Bhreithiúnais ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Marko ILEŠIČ, eadhon go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(2) Ainmníodh Marko BOŠNJAK don phost folamh.

(3) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Marko BOŠNJAK ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Meitheamh 2025.

An tUachtarán

A. BARTOL